

(14/03/2019)

Tionscnamh Aistriúcháin: Noor Ash Shams

نور الشمس

مشروع ترجمة أدب الأطفال الفلسطيني الأيرلندي

Palestinian-Irish Children's Literature Translation Project



Is tionscnamh tríú leibhéal Pailistíneach-Éireannach é Tionscnamh Leabhar *Noor Ash Shams* atá ag aistriú, ag foilsiú agus ag dáileadh scéalta do pháistí in Araibis agus i nGaeilge.

Cuspóir an Tionscainmh

Tá sé mar phríomhchuspóir ag an tionscnamh go ndéanfadh páistí as an bPailistín agus as Éirinn scéalta traidisiúnta agus scéalta comhaimseartha a mhalartú d'fhonn tuiscint a fháil ar chultúr a chéile agus ábhar léitheoireachta níos ilghnéithí a chur ar fáil dóibh.

Cúlra

D'éascair an tionscnamh as cuairt a thug lucht ollscoile as Éirinn ar ollscoileanna agus NGOanna sa Phailistín faoi scáth Right 2 Education. Ón mbliain 2014 i leith tá Mahmoud Abdel-Fattah agus Eithne O' Connell, léachtóirí i staidéar an Aistriúcháin in Ollscoil Birzeit i Ramallah (www.birzeit.edu) agus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.dcu.ie) faoi seach, ag obair ar an tionscnamh i bpáirt le húdair, eagarthóirí, ealaíontóirí agus foilsitheoirí in Éirinn agus sa Phailistín. Chas na haistritheoirí le chéile in Éirinn sa bhliain 2015 agus tosaíodh ar na scéalta a bhí roghnaithe sa dá theanga a aistriú, ar dtús go Béarla (an teanga a roghnaíodh mar theanga mhaighdeogach sa dá chás), agus ansin go Gaeilge nó go hAraibis faoi seach. Sa dá chás bhí meascán de scéalta a scríobh páistí agus scéalta a scríobh daoine fásta i gceist.

Cur síos ar an Tionscnamh

Céim 1: 2014 -2018:

Thug Mahmoud Abdel-Fattah cuairt ar Éirinn in earrach /samhradh na bliana 2015 ar mhaithe le staidéar agus taighde. D'fhreastail sé ar cheardlanna aistriúcháin in Inis Óirr agus i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain 2018 foilsíodh dhá leabhar in Araibis, ceann ina raibh

bailiúchán de ghearrscéalta traidisiúnta as Éirinn agus ceann eile ina raibh scéalta comhaimseartha. Ba é Mahmoud Abdel-Fattah a d'aistrigh an téacs sa dá chás. Mhainigh BZU Céim 1 agus sa bhliain 2018 dháiligh an foilsitheoir NGO *Tamer Institute for Community Education* (www.tamerinst.org) na leabhar ar scoileanna ar fud an Bhruaigh Thiar agus Gaza.

Céim 2: 2015/2019:

Rinne BZU agus DCU chomh maith le roinnt urraitheoirí eile maoiniú ar Chéim 2. Tá sé beartaithe leabhar ina mbeidh scéalta traidisiúnta agus scéalta comhaimseartha as an bPailistín, iad aistrithe go Gaeilge ag Eithne O'Connell agus Máire Uí Dhufaigh, a fhoilsíú i 2019. Cuirfear cóipeanna den leabhar ar fáil do bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal in Éirinn (ó thuaidh is ó dheas) atá ag teagasc trí mheán na Gaeilge.

An Fhoireann Aistriúcháin

Eithne O'Connell, (ball foirne ar scor), Centre for Translation and Textual Studies, School of Applied Language and Intercultural Studies, Ollscoil Chathair Átha Cliath.

Mahmoud Abdel-Fattah (Ismael), Assistant Prof. in Translation (Birzeit University) Dept. of Languages and Translation, Birzeit University, Birzeit, POB 14, West Bank, Palestine. email: mfatah@birzeit.edu

Máire Uí Dhufaigh, Múinteoir bunscoile (ar scor), dearthóir curaclaim, údar, aistritheoir agus foilsitheoir, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe dhufaigh@gmail.com

An Fhoireann Eagarthóireachta

Máire Nic Mhaoláin, Aistritheoir Harry Potter agus iarfhostaí de chuid An Gúm. Baile Átha Cliath.

Gráinne Ní Ghilín, Eagarthóir neamhspleách, aistritheoir, léitheoir profaí. Béal Feirste.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Dr Eithne O'Connell, (ball foirne ar scor), Centre for Translation and Textual Studies, School of Applied Language and Intercultural Studies, Ollscoil Chathair Átha Cliath.
eithne.oconnell@dcu.ie Fón póca: 087/7651789